

[08_01.mp3](#)

Téipscript

Bileog 8.1

- Cainteoir 1: Is duine aclaí go leor mé. Téim ag siúl gach lá.
Cainteoir 2: Is duine iontach aclaí mé. Rithim cúpla míle achan lá.
Cainteoir 3: Ní duine aclaí mé ar chor ar bith. Ní imrím spórt ar bith.
Cainteoir 4: Tá mé aclaí go leor is dócha. Téim ag snámh trí lá sa tseachtain.
Cainteoir 5: Níl mé aclaí. Féachaim ar an teilifís agus sin é.

[08_08.mp3](#)

Téipscript

Bileog 8.8

- Máire: Cad é mar atá tú inniu, a Jan?
Jan: Ní bhraithim rómhaith, caithfidh mé a rá! Amharc ar mo mhéar!
Máire: Cad é a tharla duit?
Jan: Bhí mé ag rothaíocht ar an Satharn. Bhí an aimsir go dona, bhí an lá iontach fliuch. Chas mé le cara liom i lár na cathrach ag a haon a chlog agus thosaigh muid ag rothaíocht amach go Dún Laoghaire.
Máire: Seo scéal iontach fada. Cad é a tharla de do mhéar?
Jan: Bhí mé ar bhóthar na farraige nuair a léim madra amach romham agus ní raibh mé ábalta an rothar a stopadh. Shleamhnaigh an rothar agus sa deireadh thit mé anuas den rothar agus ghortaigh mé mo mhéar.
Máire: Ó a pheata bhig! An bhfuil sí nimhneach?
Jan: Tá. Tá sí nimhneach go leor. Agus tú féin, cad é mar atá tusa?
Máire: Níl caill orm. Bhí mé sa teach tábhairne aréir agus tá póit orm.

[08_11.mp3](#)

Téipscript

Bileog 8.11

- Cainteoir A: Thit mé agus bhris mé mo lámh nuair a bhí mé ag imirt leadóg boird ag an deireadh seachtaine. Tá an phian go dona fós.
Cainteoir B: Ghortaigh mé mo dhroim an bhliain seo caite nuair a bhí mé ag obair mar thógálaí. Ní bhíonn sé ró-nimhneach anois níos mó.
Cainteoir C: Bhí an fliú orm an tseachtain seo caite. Tá teocht orm go fóill. Ní bhraithim rómhaith.
Cainteoir D: D'ól mé an iomarca aréir. Bhí mé an-tinn ar maidín. Bhí póit orm. Braithim níos fearr anois.

[08_14.mp3](#)

Téipscrip

Bileog 8.14

- Comhrá 1: - Tá pian i mo bholg!
- Ba cheart duit bia sláintiúil a ithe.
- Comhrá 2: - Bím tuirseach an t-am ar fad.
- Ba cheart duit níos mó aclaíochta a dhéanamh.
- Comhrá 3: - Tá póit orm.
- Tá tú ag ól barraíocht.
- Comhrá 4: - Ghortaigh mé mo dhroim ag obair.
- Ba cheart duit sos a thógáil. Tá tú ag obair ródhian.
- Comhrá 5: - Tá an fliú orm arís. Tá teocht an-ard orm.

- Caithfidh tú aire níos fearr a thabhairt duit féin.
- Comhrá 6: - Bhris mé mo mhéar.
- Ba cheart duit dul go dtí an t-ospidéal.
- Comhrá 7: - Bhí mé ag caitheamh amach arís ar maidin.
- Ba cheart duit dul chuig an dochtúir.
- Comhrá 8: - Ní bhraithim rómhaith. Tá mé faoi bhrú.
- Ba cheart duit saoire a thógáil.